

DÚSHLIÁN BAC-CHÚRSA

Coiste Glas Chlár na Scoileanna Glasa

Scútáil: Smaointe agus Cluichí Traenála



Scoilanna Glasa ag tacú le gníomhaíochtaí faoi stiúir na mac léinn do thaisteal inbhuanaithe

DÚSHLÁN Bac-Chúrsa

Spreagann an 'Dúshlán Bac-chúrsa' sibh chun bhur gcúrsa bacainní scútair féin a dhearadh i bhur gclós scoile. Ní mór go mbeadh ar a laghad trí cinn de na gníomhaíochtaí scútair atá liostaithe thíos ar an gcúrsa seo:

- [Scútáil dhíreach](#)
- [Slalom](#)
- [Tonnadóir](#)
- [Nathair](#)
- [Ag trasnú an bhóthair](#)
- [Stop Éigeandála](#)

Cad atá le dhéanamh

- Déan staidéar ar an *mBac-Chúrsa gníomhaíochtaí* agus roghnaigh na cluichí ar mhaith libh a chur san áireamh i bhur gcúrsa bacainní.
- Tarraing léarscáil den chúrsa bacainní i bhur gclós scoile ag baint úsáide as an [mbileog oibre](#) seo agus pléigh conas a d'oibreodh sé amach
- Roghnaigh tasc le tabhairt do gach ball den choiste chun a chinntiú go n-oibríonn gach rud i gceart
- Socraigh dáta chun triail a bhaint as an gcúrsa bacainní nua le bhur scoil!
- Méadaigh feasacht na ndaltaí ar bhur n-imeacht trí chur i láthair ar [leideanna sábháilteachta](#) a dhéanamh sa rang roimh ré

Ar an lá

Nuair a bheidh bhur gcúrsa aontaithe agaibh, pléigh conas a eagróidh sibh an cluiche seo don rang/ scoil. Ba bhreá linn a fheiceáil conas a éiríonn leat! Seol grianghraif de d'imeacht chuig travel@greenschoolsireland.org nó clibeáil @greenschoolsire #ScútailarScoil #Scoot2SchoolWeek ar ardáin meán sóisialta do scoile




Scútáil Díreach

Tá sé tábhachtach iarracht a dhéanamh scútáil i líne dhíreach ionas nach gcuirfidh tú isteach ar choisithe ná eagla a chur orthu.

Cad atá le déanamh?

- Úsáid cóin/ mullaírd nó pé rud atá ar fáil chun líne 'thosaithe' agus líne 'chríche' a shocrú suas.
- Iarr ar na daltaí iarracht a dhéanamh scútáil i líne dhíreach duine ar dhuine nó ar fad le chéile



Rialacha


- Scútáil go mall i líne dhíreach. Beidh aon duine a théann fiarthrasna amuigh as an gcluiche!
- Meabhraigh do gach duine go gcaithfidh siad stopadh ag an líne STAD!

Leid : Iarr ar na daltaí seiceáil cé chomh fada agus is féidir leo dul le brúigh amháin nó leis an gcos eile!



Slalom

Feabhsaigh bhur scileanna smachta ar an scútar leis an gcúrsa Slalom seo



Cad atá le déanamh?

Socraigh suas na cóin ionas gur féidir le daltaí a bheith ag coradh agus ag casadh eatarthu. Déan cinnte nach bhfuil siad ró-chóngarach dá chéile

Rialacha

- Má bhuaileann na daltaí aon chóin, beidh siad amuigh as an gcluiche nó cailleann siad seans
- D'fhéadfá an riail a chur leis nach mór dóibh an cúrsa seo a chríochnú le 'Brúigh Amháin'




Tonnadóir

Feabhsaigh bhur scileanna smachta ar an scútar leis an gcúrsa 'Tonnadóir' seo. Tá an cluiche seo cosúil le 'Slalóm' ach caithfidh sibh scútáil idir na cóin



Tosaigh



Cad atá le déanamh?

- Socraigh suas na cóin ionas gur féidir leis na daltaí scútáil idir eatarthu gan iad a bhualadh.
- D'fhéadfá é seo a dhéanamh níos dúshlánaí trí úsáid a bhaint as meascán de na cluichí 'tonnadóir' agus 'Slalóm' don chiorcad.


Rialacha

- Má bhuaileann na daltaí aon chóin, beidh siad amuigh as an gcluiche nó cailleann siad seans
- D'fhéadfá an rial a chur leis nach mór dóibh an cúrsa seo a chríochnú le 'Brúigh Amháin'



Cluiche Nathrach

Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil go leor spáis againn le scútáil agus a bheith san airdeall ar dhaoine eile atá timpeall orainn. Tá an cluiche seo dírithe ar 'luas' agusfeasacht spásúil.



Cad atá le déanamh?

Socraigh suas na cóin ar nós an léaráid thuas ionas gur féidir le daltaí a bheith ag scútáil timpeall orthu, isteach agus amach, i ndiaidh a chéile ar nós 'nathair'.

Rialacha


- Ní mór do dhaltaí achar sábháilte a choinneáil óna chéile
- Má bhuaileann na daltaí aon chóin, beidh siad amuigh as an gcluiche nó cailleann siad seans
- Má théann daltaí thar dalta eile beidh siad amuigh nó cailleann siad seans



Ag Trasnú An Bhóthair

NÁ scútáil riamh trasna bóthair ná ag crosaire. Siúil trasna go sábháilte i gcónaí

STAD- FÉACH- ÉIST



Cad atá le déanamh

Cruthaigh limistéar laistigh den chúrsa bacainní a sheasann do bhóthar a gcaithfidh na daltaí trasnú go sábháilte. Bain úsáid as cailc agus mullaird de dhathanna éagsúla ar pháirteanna eile den chúrsa ionas go mbeidh a fhios ag na daltaí céard atá ann.

Rialacha

- Ní mór do rannpháirtithe 'STAD-FÉACH-ÉIST' i gcónaí sula dtrasnaíonn siad
- Caithfidh na rannpháirtithe dul as an scútar agus siúl leis an scútar trasna an bhóthair.

Leid: Ainmnigh roinnt daltaí chun ligean orthu gur gluaisteáin/rothaithe iad ar an mbóthar



Stop Éigeandála



- Is éard atá i gceist le stop éigeandála ná nuair a léimeann tú de do scútar agus cuireann tú do dhá chos ar an talamh, ar an dá thaobh den deic, agus tú fós ag coinneáil greim ar na hanlaí.
- Coinnigh do chosa cothrom agus téigh chomh híseal agus is féidir leat ar do ghogaide le bheith coimeádta ar talamh. Féach ar shampla de seo [anseo](#) !


Cad atá le déanamh?

- Marcáil amach bosca stoptha i bhur gcúrsa don stop éigeandála. Is fearr é seo a chur ag deireadh an chúrsa.
- Taispeáin do na daltaí conas é a dhéanamh

Rialacha

- Caithfidh na daltaí stopadh ar an líne

Leid: D'fhéadfá 'stop éigeandála' a ghlaoch amach ag aon phointe ar an gcúrsa agus beidh ar na daltaí stopadh láithreach



Dúshlán Bac-Chúrsa


Dear bhur gcúrsa bacainní féin don chlós scoile




Scúttáil go Sábháilte

Coiste Glas Chlár na Scoileanna Glasa

Leideanna Sábháilteachta don Scútar



Chun a bheith sábháilte ní mór duit an fearas seo a chaitheamh...




Clogad



Cosaint uilline & ghlúine





Bí cinnte go bhfuil do bharriallacha ceangailte i gcónaí



Má tá sé dorchá lasmuigh ní mór duit veist shofheicthe a chaitheamh





1

Hanlaí

Déan cinnte go bhfuil siad ceangailte agus nach bhfuil siad ró-ard

2

Dalláin bharra

Ba chóir go mbeadh siad san áit cheart

3

Fáiscíní Mearscaoilte

Déan cinnte go bhfuil siad dúnta

4

Deic

Cinntigh nach bhfuil sé sleamhain

5

Coscán

An bhfuil sé ag obair?

6


Rothaí

Déan cinnte nach bhfuil siad scaoilte nó i bhfostú



CUIMHNIGH...

Úsáideann daoine eile na cosáin, ná téigh ró-thapa!
Má tá go leor daoine ar an gcosán, siúl le do scútar!



Is smaoineamh maith é cloigín a bheith
ar do scútar ionas gur féidir leat rabhadh
a thabhairt do dhaoine

